RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/426 ÓN gCOIMISIÚN

an 10 Márta 2021

lena gceartaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 maidir le *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh úsáid a bhaint as ullmhóid *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch go ceann tréimhse 10 mbliana.

(2) Rinneadh an t-údarú a mhodhnú ina dhiaidh sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 ón gCoimisiún ([3]) i gcomhréir le hAirteagal 13(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, maidir le foirmliú an bhreiseáin.

(3) Ní raibh baint ag an modhnú beartaithe leis an tréimhse údaraithe a leagadh síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a bhí le reáchtáil go dtí an 26 Nollaig 2021. San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092, áfach, cuireadh in iúl trí dhearmad go mairfeadh an tréimhse údaraithe maidir le *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 go dtí an 16 Lúnasa 2030. Dá bhrí sin, cuireadh an earráid sin isteach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 trí bhíthin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092.

(4) Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht agus deimhneacht dhlíthiúil, is gá Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a cheartú a mhéid a bhaineann le deireadh na tréimhse údaraithe maidir le *Lactococcus lactis* NCIMB 30160.

(5) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 foráiltear nach mbeidh baint ag an modhnú a bhí le tabhairt ar théarmaí údaraithe an bhreiseáin *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 ach le foirmliú an bhreiseáin. Ní dhearnadh aon tagairt don ghá atá le modhnú thréimhse údaraithe an bhreiseáin sin. Ina theannta sin, forordaítear le hAirteagal 9(8) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go ndeonófar údaruithe go ceann tréimhse 10 mbliana agus nach bhféadfar maolú a dhéanamh ar riail den sórt sin trí mhodhnú ar théarmaí an údaraithe. Thairis sin, luadh i gClár na mbreiseán beathaithe gurb é an 26 Nollaig 2021 an dáta i gcónaí a rachadh údarú an bhreiseáin *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 in éag, fiú tar éis Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 a ghlacadh. In éagmais éifeacht cúlghabhálaí an cheartúcháin atá beartaithe, bheadh sárú ar phrionsabal an neamh-idirdhealaithe idir oibreoirí, ós

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 ón gCoimisiún an 5 Nollaig 2011 maidir le *Lactobacillus buchneri* (DSM 16774), *Lactobacillus buchneri* (DSM 12856), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16245), *Lactobacillus paracasei* (DSM 16773), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12836), *Lactobacillus plantarum* (DSM 12837), *Lactobacillus brevis* (DSM 12835), *Lactobacillus rhamnosus* (NCIMB 30121), *Lactococcus lactis* (DSM 11037), *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160), *Pediococcus acidilactici* (DSM 16243) agus *Pediococcus pentosaceus* (DSM 12834) a údarú mar bhreiseáin bheathaithe le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 322, 6.12.2011, lch. 3).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2020 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 a mhéid a bhaineann le *Lactococcus lactis* (NCIMB 30160) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh le haghaidh gach speicis ainmhíoch (IO L 241, 27.7.2020, lch. 10).

rud é nach mbeadh ach oibreoirí atá ag margú *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 nó atá ag baint úsáid as, ag tairbhiú go míchuí de thréimhse údaraithe shínithe a bheith deonaithe ón dáta a dtiocfaidh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092 i bhfeidhm le haghaidh an bhreiseáin sin. Thairis sin, sa chás seo ní mheastar go ndéanfaidh cúlghabhálacht difear d'ionchais dhlisteanacha na n-oibreoirí lena mbaineann. Faoi dheireadh, is i gcomhthéacs neamhchoiriúla a thugtar an ceartúcháin atá beartaithe, ós rud é gur botún ba chúis le deireadh earráideach na dtréimhse údaraithe a luaitear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1092.

(6) Chun ionchais dhlisteanacha na bpáirtithe leasmhara a chaomhnú agus de bharr chur i bhfeidhm cúlghabhálach an cheartúcháin atá beartaithe, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm mar ábhar práinne.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011 mar a leagtar amach í san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 16 Lúnasa 2020.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 10 Márta 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1263/2011, an iontráil i dtaca leis an mbreiseán *Lactococcus lactis* NCIMB 30160 a bhfuil an uimhir aitheantais 1k2082 aige, ceartaítear í mar a leanas:

Sa cholún "Deireadh na tréimhse údaraithe", in ionad an dáta "16.8.2030", cuirtear isteach "26.12.2021".